C/2025/2992

27.5.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/2992)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Kamptal'

PDO-AT-A0209-AM02 – 14.3.2025

1. **Ainm an táirge**

'Kamptal'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Ostair

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Bundesministerium für Land- und Forstwirtschaft, Regionen und Wasserwirtschaft [An Aireacht Chónaidhme Talmhaíochta agus Foraoiseachta, Réigiún agus Bainistithe Uisce]

6. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Cineálacha fíniúna a chur isteach*

Go dtí seo, ní fhéadfaí ach na cineálacha Grüner Veltliner agus Rheinriesling a úsáid chun fíon ATFC Kamptal a dhéanamh. Ciallaíonn an leasú ar an tsonraíocht go bhféadfar Chardonnay, Weißburgunder agus Grauburgunder a úsáid freisin.

Ní dhéanann cur isteach na gcineálacha sin difear d'ainm ná do chatagóir ATFC Kamptal. Tá an nasc leis an limistéar mar a bhí roimhe seo freisin, ós rud é go bhfuil na cineálacha atá i gceist á bhfás i limistéar ATFC Kamptal ar feadh i bhfad. Thairis sin, níor forchuireadh aon srian ar fhíon ATFC Kamptal a chur ar an margadh. Dá bhrí sin, is leasú caighdeánach é an leasú ar an tsonraíocht.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Ba cheart an doiciméad aonair a leasú freisin, toisc go leagtar amach ann na cineálacha a fhéadfar a úsáid chun fíon ATFC Kamptal a dhéanamh.

2. *Tuairisc níos beaichte ar na saintréithe orgánaileipteacha*

Is éard atá i gceist leis an leasú ar an tsonraíocht saintréithe orgánaileipteacha fhíon ATFC Kamptal a shainmhíniú ar bhealach níos críochnúla, iad a leagan amach ar leithligh agus ar bhealach níos beaichte i gcás *Gebietswein* [fíon réigiúnach], *Ortswein* [fíon ó shráidbhaile nó ó bhardas ar leith] agus *Riedenwein* [fíon ó fhíonghort aonair atá sainithe de réir dlí] faoi seach.

Ní dhéanann leagan amach na saintréithe orgánaileipteacha ar bhealach níos cúramaí difear d'ainm ná do chatagóir ATFC Kamptal. Tá an nasc leis an limistéar mar a bhí roimhe seo freisin, ós rud é nár tháinig aon athrú ar na saintréithe orgánaileipteacha bunúsacha: ní dhearnadh ach tuairisc níos beaichte a thabhairt orthu. Thairis sin, níor forchuireadh aon srian ar fhíon ATFC Kamptal a chur ar an margadh. Dá bhrí sin, is leasú caighdeánach é an leasú ar an tsonraíocht.

Ba cheart an doiciméad aonair a leasú freisin, ós rud é go leagtar amach ann saintréithe orgánaileipteacha fhíon ATFC Kamptal.

3. *Fíonchaora a fhástar go horgánach a úsáid*

Sonraítear sa tsonraíocht táirge leasaithe, ó bhliain fíona 2025 ar aghaidh, nach mór an fíon a dhéanamh as fíonchaora a fhástar i gcórais táirgthe orgánaigh dheimhnithe nó a chumhdaítear leis an deimhniú 'An Ostair Inbhuanaithe'. Baineann díolúintí le táirgeoirí fíonchaor agus fíona mionscála. Na rialacha breise sin maidir leis na fíonchaora atá le húsáid chun fíon ATFC Kamptal a dhéanamh, ní dhéanann siad difear d'ainm ná do chatagóir ATFC Kamptal. Thairis sin, tá an nasc leis an limistéar mar a bhí roimhe seo, mura bhfuil sé níos láidre mar thoradh ar na modhanna táirgthe orgánaigh. Dá bhrí sin, is leasú caighdeánach é an leasú. Ba cheart úsáid córas táirgthe orgánaigh deimhnithe nó an deimhniú 'An Ostair Inbhuanaithe' a lua freisin sa doiciméad aonair faoi 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)'.

4. *Rialacha breise maidir le lipéadú*

Leis an leasú ar an tsonraíocht, leagtar síos rialacha maidir le clómhéid na sonraí ar an lipéad (cineál, an ATFC, téarmaí traidisiúnta, etc.). Ós rud é nach dtagann sé sin faoi aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143, is leasú caighdeánach é an leasú. Ba cheart na rialacha a áireamh sa doiciméad aonair faoi phointe 9 – 'Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)'.

5. *Soiléiriú ar na forálacha maidir le buidéalú agus táirgeadh*

Táirgeadh: Faoi Acht na hOstaire um Fhíon, is féidir fíonta ATFC a tháirgeadh lasmuigh den limistéar fíonsaothrúcháin de ghnáth, rud a chiallaíonn go mbaineann an Ostair úsáid go ginearálta as an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/33. Leasaíodh an tsonraíocht le haghaidh ATFC Kamptal chun a shonrú anois freisin nach mór fógra a thabhairt do Choiste Réigiúnach um Fhíon Kamptal faoi tháirgeadh lasmuigh den limistéar fíonsaothrúcháin.

Buidéalú: Níor bunaíodh aon srian. Ní mór fógra a thabhairt don Choiste Réigiúnach um Fhíon maidir le buidéalú lasmuigh den limistéar fíonsaothrúcháin.

Ní chuireann na ceanglais sin maidir le fógra srian ar fhíon ATFC Kamptal a chur ar an margadh agus dá bhrí sin is leasú caighdeánach iad. Ba cheart iad a áireamh sa doiciméad aonair faoi phointe 9 – 'Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)'.

6. *Forálacha maidir le haonaid gheografacha níos lú a úsáid ar an lipéad*

Leis an leasú ar an tsonraíocht, is féidir tagairt a dhéanamh d'aonaid gheografacha atá níos lú ná an limistéar atá i gceist le ATFC Kamptal, agus ar an gcaoi sin úsáid a bhaint as na féidearthachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2019/33. Ós rud é nach dtagann sé sin faoi aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143, is leasú caighdeánach é an leasú. Liostaítear ainmneacha na n-aonad geografach sa tsonraíocht agus ba cheart iad a áireamh freisin sa doiciméad aonair faoi phointe 9 – 'Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)'.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Kamptal

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Fíon Kamptal

Táirgtear fíon ATFC Kamptal as na cineálacha fíniúna seo a leanas a úsáidtear chun *Qualitätswein* [fíon ar ardchaighdeán] a dhéanamh: Grüner Veltliner, Riesling, Chardonnay, Weißburgunder, Grauburgunder. Is féidir an fíon a dhéanamh as ceann amháin nó as cumasc de na cineálacha sin. In aon chás, ceadaítear cumasc fad is nach ndéanann sé dochar don ainmniúchán.

Is iad seo a leanas saintréithe orgánaileipteacha an fhíona:

a) ***Gebietswein*** [fíon réigiúnach]: Tá na tréithe seo a leanas sna fíonta sin: stíl idir éadrom agus measartha, nílmúscán liath chun tosaigh, níl aon ton adhmaid inbhraite, cothrom, dlús a bhfuil bliain an fhíona mar shaintréith ann.

b) ***Ortswein*** [fíon a bhfuil bardas fíonsaothrúcháin lena gcuimsítear fíonghoirt iomadúla ar a lipéad]: Tá na tréithe seo a leanas sna fíonta sin: stíl measartha cumhachtach, níl múscán liath chun tosaigh, aibíocht atá ina saintréith den suíomh, níl aon ton adhmaid inbhraite, cothrom, dlús a bhfuil bliain an fhíona mar shaintréith ann.

c) ***Riedenwein*** [fíon a bhfuil fíonghort aonair atá sainithe de réir dlí ar a lipéad]: Tá na tréithe seo a leanas sna fíonta sin: stíl idir measartha agus cumhachtach, tionchar ag saintréithe áirithe ithreach agus aeráide an fhíonghoirt, dea-bholadh idir spíosrach agus measartha, níl múscán liath chun tosaigh, níl aon ton adhmaid nó níl toin adhmaid idir beag agus measartha amháin, cothrom, dlús a bhfuil bliain an fhíona mar shaintréith ann.

Ó bhliain fíona 2025 ar aghaidh, ní mór an fíon a dhéanamh as fíonchaora a fhástar i gcórais táirgthe orgánaigh dheimhnithe nó a chumhdaítear leis an deimhniú ‘An Ostair Inbhuanaithe’.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 12,5

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,0 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 250

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Na cleachtais fhíoneolaíocha uile dá bhforáiltear i Rialacháin (AE) 2019/934 agus 2019/935 le haghaidh fíon ar a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, údaraítear iad le haghaidh an ATFC 'Kamptal', cé is moite de chóireáil le sorbáit photaisiam nó décharbónáit démheitile. Is féidir na fíonta a dhí-aigéadú i gcomhréir leis na Rialacháin sin. Cinneann an tAire Cónaidhme Talmhaíochta agus Foraoiseachta, Réigiún agus Bainistíochta Uisce an gceadófar aigéadú ar bhonn na ndálaí aimsire le linn an tséasúir fáis. Sa chás sin, rialaítear na coinníollacha maidir le haon aigéadú leis na Rialacháin thuasluaite.

Ní mór meáchan úrfhíona íosta 15 °KMW a bheith i sú na bhfíonchaor ar Scála Meáchan Úrfhíona Klosterneuburg (= 9,5 % de réir toirte).

Féadfar an neart alcóil nádúrtha a mhéadú suas le 2 % toirte ar a mhéad (nó 2,5 % toirte i gcás dálaí aimsire neamhfhabhracha agus tar éis údarú a fháil ón Aire Cónaidhme Talmhaíochta agus Foraoiseachta, Réigiún agus Bainistíochta Uisce) trí shiúcrós, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe nó úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe nó trí thiúchan páirteach a chur leis.

Níor cheart an méid siúcra neamhchoipthe i ngraim in aghaidh an lítir a bheith níos mó ná an aigéadacht intoirtmheasctha i ngraim in aghaidh an lítir.

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Ó bhliain fíona 2025 ar aghaidh, ní mór an fíon a dhéanamh as fíonchaora a fhástar i gcórais táirgthe orgánaigh dheimhnithe nó a chumhdaítear leis an deimhniú 'An Ostair Inbhuanaithe'. Níl feidhm aige sin maidir le táirgeoirí fíona a dhearbhaíonn toirt táirgeachta níos lú ná 5 000 lítear d'fhíon Kamptal DAC ina ndearbhú buana le haghaidh bliain fíona ar leith. I gcás ina gceannaítear na fíonchaora atá le húsáid i dtáirgeadh an fhíona ó tháirgeoir fíonchaor a léiríonn a dhearbhú buana táirgeacht fhoriomlán 6 000 kg nó níos lú, ní gá na fíonchaora sin teacht ó chórais táirgthe orgánaigh dheimhnithe ná ní gá iad a chumhdach le deimhniú 'An Ostair Inbhuanaithe' sa bhliain ina dtarraingítear suas an dearbhú. Mar sin féin, ní fhéadfaidh táirgeoir fíona ach suas le 15 % de na fíonchaora uile a úsáidtear chun fíon Kamptal DAC a tháirgeadh i mbliain ar leith a fháil ó tháirgeoirí fíonchaor den sórt sin.

5.2. *Uastáirgeacht*

Fíon ATFC Kamptal

10 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cumhdaítear le ATFC 'Kamptal' bardais Etsdorf-Haitzendorf, Hadersdorf-Kammern, Langenlois, Lengenfeld, Schönberg am Kamp agus Straß im Straßertale san Ostair Íochtarach.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Chardonnay – Morillon

Grauer Burgunder – Grauburgunder, Pinot Gris, Ruländer

Grüner Veltliner

Weißer Burgunder – Weißburgunder, Pinot Blanc, Klevner

Weißer Riesling – Riesling, Rheinriesling

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Fíon ATFC Kamptal

Is ón tréimhse Pheirmeach, 270 milliún bliain ó shin, an ithir atá sa Kamptal. Is éard atá i bhfoirmíochtaí an *terroir* ithreacha lóis, gairbhéil agus carraige príomhúla ina bhfuil roinnt eilimintí bolcánacha.

Bíonn tionchar ag an aeráid the Phanónach ar thaobh amháin ar an aeráid sa Kamptal agus ag sruthanna fionnuara ón Waldviertel ar an taobh eile. Titeann idir 550 mm agus 600 mm báisteach ann in aghaidh na bliana. Bíonn an mheánteocht bhliantúil os cionn 9 °C. Ba cheart a bheith ag súil le sioc déanach sna hísealchríocha gleanna go dtí lár mhí na Bealtaine. Is iad seo a leanas gnáth-shaintréithe an fhíona:

Grüner Veltliner: torthaíoch, spíosrach go héadrom.

Riesling: cumhra, galánta, mianrach.

Tá na fíonta coimeádta, ag a bhfuil dea-bholaithe láidre cineáil, cumhachtach i dtéarmaí stíle. Bíonn toin múscáin liath agus adhmaid ag na fíonta sin freisin uaireanta. Is iad na léibhinn ghéara, áit nach féidir le sraitheanna lóis carnadh, is cúis le fíonta cumhachtacha mianracha Riesling a bhfuil acmhainneacht aosaithe den scoth acu. Tá na léibhinn dúrabhán agus lóis níos leithne an-oiriúnach chun fíonta cumhachtacha torthaíocha Grüner Veltliner a tháirgeadh. Leis na laethanta teo, a bhfuil tionchar ag an aeráid Phanónach orthu, agus leis na hoícheanta fionnuara, tugtar go leor fíneáltacht aramatach agus aigéadacht bhríomhar do na fíonta.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinnílll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Faoi Acht na hOstaire um Fhíon, ní fhéadfar fíon an ATFC 'Kamptal' a chur ar an margadh ach amháin má tá uimhir seiceála cáilíochta oifigiúil aige [*staatliche Prüfnummer*]. Chun uimhir seiceála cáilíochta oifigiúil a fháil, ní mór tástáil anailíseach agus orgánaileipteach a dhéanamh ar shampla de gach fíon atá le cur ar an margadh leis an ATFC 'Kamptal' (seiceáil chórasach; féach an tsonraíocht).

Sa tástáil chéadfach, déanann painéal blaiste oifigiúil, ina bhfuil seisear blastóirí agus cathaoirleach, tástáil ar na fíonta. Cuirtear samplaí gan aithint os comhair na mblastóirí. Ní áirítear ar an bhfoirm tástála ach an fhaisnéis is gá le haghaidh na meastóireachta, amhail an t-ainmniúchán traidisiúnta agus an bhliain. Baineann na blastóirí úsáid as a dtaithí agus as fíonta tagarmhairc araon chun breithiúnas a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na fíonta a chuirtear faoina mbráid tipiciúil d'fhíonta Kamptal agus an bhfuil siad indíolta (i.e. saor ó lochtanna).

Ní mór an blaiseadh painéil chun uimhir seiceála cáilíochta oifigiúil a eisiúint d'fhíon leis an ainmniúchán díolacháin 'Kamptal DAC' a dhéanamh in Oifig na Cónaidhme um Fhíonsaothrú. Ní mór do cheathrar blastóirí ar a laghad a dheimhniú go gcomhlíontar na ceanglais maidir le fíon Kamptal DAC. Má tá tuairimí scoilte go cothrom, níor cheart an blaiseadh a dhéanamh arís.

Ní mór do pháirtithe a bhfuil sé ar intinn acu iarratas a dhéanamh ar uimhir seiceála cáilíochta oifigiúil d'fhíon Kamptal den chéad uair Coiste Réigiúnach um Fhíon Kamptal a chur ar an eolas i scríbhinn.

I gcás fíonta i gcatagóir *Gebietswein*, níor cheart aon áit tionscnaimh níos lú ná an t-ainmniúchán tionscnaimh 'Kamptal' a léiriú ar an lipéad tosaigh ná ar an bpríomhlipéad.

I gcás fíonta i gcatagóir *Ortswein*, níor cheart aon áit tionscnaimh níos lú (seachas na bardais fíonsaothrúcháin a liostaítear sa tsonraíocht lena gcuimsítear fíonghoirt iomadúla) a léiriú ar an lipéad tosaigh ná ar an bpríomhlipéad.

I gcás fíonta sa chatagóir *Riedenwein*, ní mór ainm fíonghoirt aonair a léiriú ar an lipéad tosaigh agus ar an bpríomhlipéad araon.

Ceadaítear cineálacha fíniúna, brandaí agus ainmneacha galánta a léiriú, agus na hainmniúcháin atá údaraithe do *Qualitätswein* faoi Rialachán na hOstaire maidir le hAinmniúchán Fíona, Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire (*BGBl.*) II Uimh. 111/2011, arna leasú a úsáid. I gcás *Gebietswein*, ní mór na tásca sin a bheith i gcarachtair nach mó ná leath mhéid na gcarachtar a úsáidtear le haghaidh an ainm 'Kamptal'; i gcás *Ortswein*, ní mór iad a bheith i gcarachtair nach mó ná leath mhéid na gcarachtar a úsáidtear le haghaidh ainm an bhardais fíonsaothrúcháin lena gcuimsítear fíonghoirt iomadúla; agus i gcás *Riedenwein*, ní mór iad a bheith i gcarachtair nach mó ná leath mhéid na gcarachtar a úsáidtear le haghaidh ainm an fhíonghoirt aonair.

Ní fhéadfar na hainmneacha cineáil Chardonnay, Weißburgunder agus Grauburgunder a léiriú ach ar an bpríomhlipéad.

Ní mór an t-ainmniúchán 'DAC' nó 'Districtus Austriae Controllatus' a bheith ar an lipéad tosaigh agus ar an bpríomhlipéad araon, in aice leis an limistéar fíonsaothrúcháin 'Kamptal' agus i gcarachtair nach mó ná leath mhéid na gcarachtar a úsáidtear le haghaidh an ainm 'Kamptal'. Ní mór an t-ainm 'Kamptal' a bheith ar an lipéad tosaigh; féadfar an forlíontán 'DAC' nó 'Districtus Austriae Controllatus' a fhágáil ar lár [*sic*]. Ní cheadaítear ainmniúcháin bhreise a úsáid, ach amháin i gcás 'Qualitätswein'.

Ní cheadaítear an ATFC 'Niederösterreich' ná an TGFC 'Weinland' a léiriú.

Ní mór bliain an fhíona a léiriú.

I gcás ina n-úsáidtear an téarma 'coimeádta', féadfar an fíon a chur ar aghaidh le haghaidh uimhir seiceála cáilíochta tráth nach luaithe ná an 1 Iúil sa dara bliain tar éis na buana.

Ní cheadaítear na hainmniúcháin faoi Roinn 1(1)(6)(g) den Rialachán maidir le hAinmniúchán Fíona, *BGBl*, II Uimh. 111/2011, arna leasú a úsáid.

Ní fhéadfar aonaid gheografacha de limistéar fíonsaothrúcháin Kamptal atá níos lú ná an limistéar fíonsaothrúcháin a úsáid ach amháin chun fíonta Kamptal a ainmniú.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Faoi Acht na hOstaire um Fhíon, ní mór gach fíon ATFC a tháirgeadh sa limistéar fíonsaothrúcháin (réigiún tionscnaimh an TGFC) ina bhfuil an limistéar ATFC lonnaithe nó i limistéar fíonsaothrúcháin comharsanach. Dá bhrí sin, baineann an Ostair úsáid go ginearálta as an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/33. Maidir le táirgeadh fhíon ATFC Kamptal, leagadh síos coinníollacha breise lena gceadaítear táirgeadh lasmuigh den limistéar tionscnaimh fad a thugtar fógra faoi do Choiste Réigiúnach Kamptal.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní leagtar síos rialacha ginearálta maidir le buidéalú fhíonta ATFC le hAcht na hOstaire um Fhíon. Chun cáilíocht agus gnáth-shaintréithe fhíon ATFC Kamptal a áirithiú, leagtar síos na coinníollacha seo a leanas maidir lena bhuidéalú:

Ní mór an fíon a bhuidéalú i limistéar ATFC Kamptal. Is féidir buidéalú lasmuigh den limistéar tionscnaimh má thugtar fógra ina leith do Choiste Réigiúnach Kamptal.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.bml.gv.at/dam/jcr:9034ac7d-a3bf-4c58-9d3a-24acc5f18df9/Produktspezifikation_Kamptal.pdf